Iomdha éagnach ag Éirinn

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 53]

Ar Éirinn

1 Iomdha éagnach ag Éirinn
[ní] as nach [airigh] éin-chréidhim
gan neart mná balbh nó bodhar
a tá marbh gan mhothoghadh.

2 Iomdha cúis maoithe ag mnaoi Chuinn
ní mhairfe ag méad a leath-truim
críoch sgath-bharr-ghlan na dtreabh dte
bean dá hath-mharbhadh Éire.

3 Codhladh le fuaim a fola
do ní bean Bhriain Bhóromha
ar ndul dí i gcrothaibh cumhadh
ní mhothuigh sí a sárughadh.

4 Is truagh Bhanbha an bhean iodhan
gach éin-fhear dá héignioghadh
[gár] bheag a béad-daoire dhí
gan chead éag-caoine aice.

5 Gan truagh ag duine ar domhan
don mhnaoi-se dá masloghadh
gan ghean ag daonnaidhe dhí
bean gach aon-duine Éire.

6 Meas méirdrighe ar mhnaoi Chobhthaigh
a-tá ag gach aon d'allmhurchaibh
bean bhogamh dá déinimh dhí
gan obadh éin-fhir aice.

7 Comh-luath chuice le rúin-neimh
Sagsnaigh Breathnaigh [Burgúinnigh]
's na [Barbaraigh] gidh beart chuil
Albanaigh feacht is Franncaigh.

8 Truagh mar do thréig a náire
an bhean nar chleacht [corp-tháidhe]
Éire gan chleith re [corbadh]
dá céile ag breith basdar[dadh].

9 Gidh bé clann admhas Éire
ní beag do bharr toibhéime

a léidmhighe a ngairm ’s a [ngoil]
’s ainm méirdrighe ar a máthair.

10 Danair ag [éad] re ’r oile
ag milleadh mná Laoghaire
bean Laoghaire dá lot de
ní loc aon-duine uaithe.

11 Éagnaighthe re Dia a dochar
mar tá sí ar n-a sárochadh
mórdhacht a huaill[-fhear] narbh fhionn
gur truaill[eadh] [óghdhacht] Éireann.

12 Fuair sí a cáineadh ’s a caithimh
ar iasacht ag an-fhlaithibh
[tug] an bhean bhanamhail bhocht
seal d[’anfhalaibh] ar iasacht.

13 Dob iongna dhí dul go holc
lógh na naomh bean na mbeannacht
fríoth don mhnaoi [riamh a rogha]
[fa gnaoi] do Bhrian Bóromha.

14 Críoch Bhanbha an bhean ba ghloine
bean phósda Bhriain Bhóroimhe
diombágh druim re n-a rathaibh
[ag leannán Chuinn] Chéad-chathaigh.

15 [Iomdha éagcaoine] oile
ag mnaoi [ionmhuin] Úghoine
ní mharann mo nuar a neart
’s is truagh nach [aghann] [éisdeacht].

16 Barr [cumgha] reacht gan riaghail
nós nuaidhe gach éin-bhliadhain
ag so an bhoil do bhaoi uirthe
go bhfoil na mnaoi [meathl]uighthe.

17 A fir mhórdha ag mnáibh gallda
a mná saidhbhre saor-chlannda
ag díogha gléire na nGall
Éire dá [díobha] anbhfann.

18 A seabhaic a heich ’s a hór
a hard-choin ionnsa a claochlódh
bean Néill gidh bé darab bean
ní lé féin acht a bhfuidheal.

19 [Feadhbh ón fada] furtocht í

baintreabhach bhocht ar neimhní
do dhall re hathaidh ise
clann gan athair aici-se.

20 Mo thruaighe a Thríonóid neartmhar
breith [feadhbha] ó [dhíon] díleachtadh
tré ainchridhe a ngníomh go ngoimh
i ndíol aithrighe [a n-u]abhair.

21 [Mná ó do chuirsead] cúl rom-sa
[a] siúr [anadh] agamsa
a Mhuire dá mhéad [ar] locht
féag ar do dhuine ó dhuthracht. IOMDHA ÉAGNACH